

Clár na gCúrsaí Samhraidh 2025 Achoimre ar Athruithe

Is í seo an tríú bliain den timthriall ceadaithe trí bliana a tosaíodh sa bhliain 2023 le haghaidh na gcúrsaí samhraidh sin lena ngabhann teidlíocht i leith laethanta saoire pearsanta breise do mhúinteoirí bunscoile.

Ní mór do sholáthraithe an Lámhleabhar do Sholáthraithe le haghaidh Cúrsaí Samhraidh a léamh sula gcuirfidh siad foirmeacha iarratais isteach lena mbreithniú i mbliana.

Lámhleabhar Nuashonraithe do Sholáthraithe 2025

Ba cheart do sholáthraithe a thabhairt faoi deara gur nuashonraíodh don bhliain 2025 an Lámhleabhar do Sholáthraithe le haghaidh Cúrsaí Samhraidh.

Is achoimrithe sa doiciméad seo atá aon choigeartuithe suntasacha ar phróiseas Chlár na gCúrsaí Samhraidh don bhliain 2025.

Iarratas ar chúrsa samhraidh a réachtáil a chur isteach

Tugadh próiseas iarratais nua [ar líne](#) isteach do chlár na bliana 2025. Ní mór gach iarratas ar Chúrsaí Samhraidh a chur isteach ar líne anois trí shuíomh Gréasáin [Ionad Tacaíochta Oideachais Dhroim Conrach](#). Ní ghlacfar le hiarratais pháipéir a thuilleadh.

Beidh an nasc sin d'iarratais ar oscailt go 4pm Dé hAoine an 28 Feabhra 2025.

A luaithe a bheidh d'fhoirm iarratais ar líne curtha isteach agat, gheobhaidh tú ríomhphost deimhniúcháin agus cóip de d'fhoirm iarratais.

Dátaí atá le tabhairt faoi deara ag soláthraithe

- Beidh an Lámhleabhar do Sholáthraithe ar fáil ar shuíomh Gréasáin Ionad Tacaíochta Oideachais Dhroim Conrach ón 31 Eanáir 2025.
- Ní mór do sholáthraithe a chinntiú go gcuirfear a n-iarratas ar chúrsa samhraidh isteach faoi 4pm Dé hAoine an 28 Feabhra 2025.
- Ní ceadmhach cúrsaí a thosú roimh an 1 Iúil. Mar bheart eisceachtúil, agus chun aghaidh a thabhairt ar an bhfíoras gur ar an Máirt a thitfidh an 1 Iúil sa bhliain 2025, ba cheart an chéad seachtain de Chlár na gCúrsaí Samhraidh a réachtáil ón Máirt an 1 Iúil go dtí an Satharn an 5 Iúil, agus an dá lá sin san áireamh. Ba cheart cúrsaí a réachtáil de réir an ghnáthsceidil ansin ón Luan an 7 Iúil.
- Ní mór gach cúrsa a chur i gcrích faoi 5pm Dé hAoine an 22 Lúnasa 2025
- Ní mór eolas a thabhairt d'Ionad Tacaíochta Oideachais Dhroim Conrach faoi aon **chealuithe cúrsa** faoi 4pm Dé hAoine an 20 Meitheamh 2025
- Ní mór do gach soláthraí a dheimhniú d'Ionad Oideachais Dhroim Conrach faoi 4pm an 20 Meitheamh 2025 go bhfuil líon **leordhóthanach** múinteoirí cláraithe acu agus go mbeifear ag leanúint ar aghaidh lena gcúrsaí fógartha.

Formáidí cúrsa

Féadfaidh soláthraithe iarratas a dhéanamh ar chúrsaí a reáchtáil sna formáidí cúrsa seo a leanas:

Cúrsa Foghlama Aghaidh ar Aghaidh

- Beidh cúrsa aghaidh ar aghaidh a mhairfidh 20 uair an chloig ar siúl ar feadh cúig lá i ndiaidh a chéile. Ceithre huair an chloig ar a laghad in aghaidh an lae a bheidh in am teagmhála an chúrsa.
- **Murab ionann agus blianta roimhe**, ní mór do sholáthraithe cúrsaí aghaidh ar aghaidh an leabhar rolla a stóráil ar an láithreán ar feadh tréimhse 12 mhí agus an leabhar sin a chur ar fáil lena iniúchadh arna iarraidh sin. Ní ceadmhach leabhair rolla a sheoladh le casadh an phoist chuig Ionad Tacaíochta Oideachais Dhroim Conrach.
- Féach an Lámhleabhar do Sholáthraithe chun tuilleadh mionsonraí a fháil.

Cúrsa Foghlama Cumaisc

- Beidh cúrsa foghlama cumaisc 20 uair an chloig comhdhéanta d'fhoghlaim ar an láithreán thar dhá lá (ocht n-uair an chloig), agus éascófar an chuid eile den fhoghlaim (12 uair an chloig) trí fhoghlaim aisioncronach ar líne a mhairfidh ceithre huair an chloig.
- Féach an Lámhleabhar do Sholáthraithe chun tuilleadh mionsonraí a fháil.

Cúrsaí Foghlama ar Líne – Aisioncronach (nach soláthraítear i bhfíor-am)

- Féadfar cúrsaí a sholáthar ón 1 Iúil go dtí an 22 Lúnasa 2024.
- Féach an Lámhleabhar do Sholáthraithe chun tuilleadh mionsonraí a fháil.

Cúrsaí Píolótacha Foghlama ar Líne – meascán de sholáthar Aisioncronach agus de sholáthar Sioncronach (fíor-ama)

- Beidh na cúrsaí 20 uair an chloig ar fad agus eagrófar iad ina gcúig mhodúl a sholáthrófar trí mheascán d'fhoghlaim shioncronach ar líne agus d'fhoghlaim aisioncronach ar líne. Roghnaíonn soláthraithe an líon uaireanta an chloig le haghaidh soláthar sioncronach (fíor-ama).
- Féach an Lámhleabhar do Sholáthraithe chun tuilleadh mionsonraí a fháil.

Catagóirí cúrsaí

Tugtar cuireadh do sholáthraithe cúrsaí don bhliain 2025 anois iarratais a chur isteach le haghaidh na gcatagóirí seo a leanas agus **le haghaidh na gcatagóirí sin amháin**:

1. Ullmhú do Nuatheangacha Iasachta (MFL) a thabhairt isteach mar chuid de Chreat Curaclaim na Bunscoile le haghaidh chéimeanna 3 agus 4 den bhunscoil (CNCM, 2023; Ciorclán 0017/2023)
2. An Seomra Ranga Cuimsitheach
3. Ceannaireacht agus bainistíocht
4. Riachtanais Speisialta Oideachais

Lámhleabhair dearbhú cáilíochta

Ní mór do na soláthraithe cúrsaí ar líne uile atá ag déanamh iarratas ar chúrsaí nua a reáchtáil sa bhliain 2025, nó a bhfuil ceadú faighte acu le haghaidh cúrsaí samhraidh a reáchtáil sa bhliain 2023 nó sa bhliain 2024, lámhleabhar dearbhú cáilíochta nuashonraithe a chur isteach in éineacht lena n-iarratas ar chúrsa.

Ní mór béim a leagan sa lámhleabhar ar na bearta atá á ndéanamh ag an soláthraí chun a chinntiú gur ábhar bunaidh de chuid an tsoláthraí é ábhar uile an chúrsa agus ní mór breac-chuntas a thabhairt ann ar conas nach bhfuil na cúrsaí ceaptha ag sárú cóipchirt. Ní mór don soláthraí gealltanais a thabhairt gur ábhar bunaidh de chuid an tsoláthraí iad a chúrsaí agus na hacmhainní a úsáidtear agus nach n-áirítear leo saothar aon daoine eile nó aon eagraíochtaí eile gan cead i scríbhinn a fháil ón bhfoinse bhunaidh.

Ní mór dearbhuithe a thabhairt sa lámhleabhar freisin go dtabharfaidh an soláthraí rochtain riaracháin iomlán don Chigireacht ar gach gné den chúrsa.

Ní mór do sholáthraithe atá ag déanamh iarratas ar chúrsaí nua lámhleabhar dearbhú cáilíochta a uaslódáil in éineacht lena n-iarratas ar líne.

Ní mór do sholáthraithe a bhfuil ceadú faighte acu sa bhliain 2023 nó sa bhliain 2024 lámhleabhar dearbhú cáilíochta nuashonraithe a chur isteach le ríomhphost chuig summercourses@ecdromcondra.ie.

Féach an Lámhleabhar do Sholáthraithe chun tuilleadh mionsonraí a fháil.